

Coiste Stiúrtha Dé Luain 13 Nollaig 2010

I láthair: L. Ó Maolmhichíl, F. Mac an Fhailigh, D. Ó Briain agus A. Scott

1. Toghadh L. Ó Maolmhichíl mar Chathaoirleach ar an gCoiste Stiúrtha.
2. Seo a leanas téarmaí tagartha an Choiste Stiúrtha:
 - Maoirsiú ar chur i bhfeidhm dhá chinneadh CATT ag Foras na Gaeilge;
 - Maoirsiú ar chomhairliúchán le páirtithe leasmhara;
 - Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus
 - Scéimeanna a aontú mar scéimeanna cúnamh airgeadais.
3. Reáchtáilfear cruinniú go luath san Athbhliain den Choiste Comhairleach. Faoi láthair is iad ionadaithe na Ranna ná D. Ó Briain agus D. Moran. Pléadh téarmaí tagartha don Choiste Comhairleach agus moladh na téarmaí seo a leanas:
 - Cumarsáid a éascú idir Foras na Gaeilge agus an earnáil agus
 - Cinntiú go gcuirtear tuairimí na hearnála san áireamh sa phróiseas athruithe. Buailfidh an Coiste Comhairleach le chéile gach sé seachtaine nó nuair is gá.
4. Glacadh leis na téarmaí tagartha don bhainisteoir tionscadail faoi réir iad a bheith faofa ag Bord Fhoras na Gaeilge.
5. Tá na Ranna go mór i bhfabhar na mórscéimeanna a fhógairt go luath i.e. an Scéim Abhcóideachta agus Taighde agus an Scéim Cumasaithe Pobal. Tugadh le fios nach mbeadh comhaontú na Ranna ar fáil dá dtosófaí le scéimeanna eile e.g. ráidió pobail. Dúradh go sonrach gur chóir tabhairt faoi na mórcheisteanna anois agus ar an gcaoi sin go bhféadfaí dul dul cinn suntasach a dhéanamh maidir le forfheidhmiú cinntí an CATT.
6. Maoiniú eatramhach – déanfaidh na Ranna agus na hAirí an cás maidir le maoiniú eatramhach a bhreithniú bunaithe ar an dul chun cinn. D'aontaigh na Ranna ar dhul chun cinn a dhéanamh ar na scéimeanna tosaíochta thuasluaite.

Beidh an chéad chruinniú eile den Choiste Stiúrtha ar siúl san iarnóin ar 17 Eanáir 2011 i mBéal Feirste.

Beidh an chéad chruinniú den Choiste Comhairleach ar siúl ar 20 Eanáir 2011 i mBaile Átha Cliath – am le socrú.